



Uimhir 43 de 2009

**AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN
(UIMH. 2) 2009**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, forléiriú, comhlua agus tosach feidhme.
2. Mínithe.

CUID 2

LEASUITHE AR NA hACHTANNA LEASA SHÓISIALAIGH

3. Sochair árachais shóisialaigh (rátaí nua).
4. Íocaíochtaí cúnaimh shóisialaigh (rátaí nua).
5. Forlónadh ar Ioncam Teaghlaigh (rátaí seachtainiúla nua).
6. Liúntas cuardaitheora poist — leasuithe.
7. Sochar linbh (rátaí nua).
8. Teorainn le ranníocaí a thabhairt ar ais.
9. Leasú ar alt 110 den Phríomh-Acht.
10. Leasú ar alt 128 den Phríomh-Acht.
11. Leasú ar alt 138 den Phríomh-Acht.
12. Liúntas leasa forlíontach — leasuithe.
13. Leasú ar alt 197 den Phríomh-Acht.
14. Forlónadh seachtainiúil nó míosúil — leasú.
15. Leasú ar alt 246 den Phríomh-Acht.
16. Cigirí leasa shóisialaigh — leasú.

[Uimh. 43.] *An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2) 2009.* [2009.]

17. Faisnéis atá le tabhairt ag forais airgeadais.
18. Faisnéis a mhalartú — leasú.
19. Sceideal 3 — leasú.
20. Sceideal 5 — leasú.

CUID 3

LEASÚ AR ACHT 1990

21. Leasú ar Acht 1990.

SCEIDEAL 1

SCEIDEAL 2

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht an Bhainc Ceannais 1971	1971, Uimh. 24
An tAcht Custam 1956	1956, Uimh. 7
An tAcht Airgeadais 2009	2009, Uimh. 12
An tAcht Sláinte 2004	2004, Uimh. 42
Acht na dTithe 1988	1988, Uimh. 28
Achtanna na dTithe 1963 go 2009	
An tAcht Inimirce 1999	1999, Uimh. 22
An tAcht Inimirce 2004	2004, Uimh. 1
Achtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 go 2004	
Acht na bPinsean (Leasú) 2002	2002, Uimh. 18
Acht na bPinsean 1990	1990, Uimh. 25
Na hAchtanna Pinsean 1990 go 2009	
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008	2008, Uimh. 22
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007	2007, Uimh. 8
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008	2008, Uimh. 2
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009	2009, Uimh. 10
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin 2006	2006, Uimh. 5



Uimhir 43 de 2009

**AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN
(UIMH. 2) 2009**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA
LEASA SHÓISIALAIGH AGUS DO LEASÚ ACHT NA
bPINSEAN 1990.

[21 Nollaig, 2009]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2) 2009 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,
forléiriú, comhlua
agus tosach
feidhme.

(2) Déanfar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus an tAcht seo, seachas *Cuid 3*, a léamh le chéile mar aon ní amháin.

(3) Féadfar Achtanna na bPinsean 1990 go 2009 a ghairm d’Achtanna na bPinsean 1990 go 2009 agus de *Chuid 3* le chéile.

(4) Tiocfaidh *Cuid 3* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

2.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 1990” Acht na bPinsean 1990;

ciallaíonn “Acht 2007” an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007;

ciallaíonn “Acht 2008” an tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008;

ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2009;

ciallaíonn “Aire” an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

CUID 2

LEASUITHE AR NA HACHTANNA LEASA SHÓISIALAIGH

Sochair árachais shóisialaigh (rátaí nua).

3.—(1) Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (arna leasú le halt 3(1) d’Acht 2008) trí na Codanna atá leagtha amach i *Sceideal 1* a chur in ionad Chodanna 1 go 4 den Sceideal sin 2.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh—

- (a) a mhéid a bhaineann sé le sochar cuardaitheora poist, an 31 Nollaig 2009,
- (b) a mhéid a bhaineann sé le sochar breoiteachta, sochar sláinte agus sábháilteachta, sochar díobhála agus aisece mhíthreorach, an 4 Eanáir 2010,
- (c) a mhéid a bhaineann sé le sochar cúramóra, pinsean Stáit (aistriú), pinsean easláine agus íocaíocht dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar “íocaíocht iomchuí” in alt 178 den Phríomh-Acht, an 7 Eanáir 2010, agus
- (d) a mhéid a bhaineann sé le pinsean míthreorach, sochar báis faoi alt 81, 82 nó 83 den Phríomh-Acht, pinsean Stáit (ranníocach), pinsean baintrí (ranníocach), pinsean baintrí fir (ranníocach) agus íocaíocht chaomhnóra (ranníocach), an 8 Eanáir 2010.

Íocaíochtaí cúnamh shóisialaigh (rátaí nua).

4.—(1) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (arna leasú le halt 11 d’Acht 2009) trí na Codanna atá leagtha amach i *Sceideal 2* a chur in ionad Chodanna 1 agus 3 den Sceideal sin 4.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh—

- (a) a mhéid a bhaineann sé le liúntas cuardaitheora poist, liúntas réamhscoir agus cúnamh feirme, an 30 Nollaig 2009,
- (b) a mhéid a bhaineann sé le liúntas leasa forlíontach, an 4 Eanáir 2010,
- (c) a mhéid a bhaineann sé le liúntas míchumais, an 6 Eanáir 2010,
- (d) a mhéid a bhaineann sé le híocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (seachas i gcás í a bheith iníoctha i leith baintrí nó baintrí fir), liúntas cúramóra agus íocaíocht dá dtagraítear i mír (b) nó (c) den mhíniú ar “íocaíocht iomchuí” in alt 178 den Phríomh-Acht, an 7 Eanáir 2010, agus

- (e) a mhéid a bhaineann sé le pinsean Stáit (neamhranníocach), pinsean dall, pinsean baintrí (neamhranníocach), pinsean baintrí fir (neamhranníocach), íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora is iníoctha i leith baintrí nó baintrí fir agus íocaíocht chaomhnóra (neamhranníocach), an 8 Eanáir 2010.

5.—(1) Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 228 (arna leasú le halt 5(1) d’Acht 2008) den Phríomh-Acht:

Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh (rátaí seachtainiúla nua).

“228.—Faoi réir an Achta seo, beidh liúntas (dá ngairtear ‘forlíonadh ar ioncam teaghlaigh’ san Acht seo) iníoctha as airgead a sholáthróidh an tOireachtas i leith teaghlaigh más lú an t-ioncam seachtainiúil teaghlaigh ná—

- (a) i gcás teaghlaigh nach bhfuil ach 1 leanbh ann, €506,
- (b) i gcás teaghlaigh a bhfuil 2 leanbh ann, €602,
- (c) i gcás teaghlaigh a bhfuil 3 leanbh ann, €703,
- (d) i gcás teaghlaigh a bhfuil 4 leanbh ann, €824,
- (e) i gcás teaghlaigh a bhfuil 5 leanbh ann, €950,
- (f) i gcás teaghlaigh a bhfuil 6 leanbh ann, €1,066,
- (g) i gcás teaghlaigh a bhfuil 7 leanbh ann, €1,102, nó
- (h) i gcás teaghlaigh a bhfuil 8 leanbh nó níos mó ann, €1,298.”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2010.

6.—Leasaítear an Príomh-Acht:

Liúntas cuardaitheora poist — leasuithe.

(a) in alt 142(1) (arna leasú le halt 6(b) d’Acht 2009) trí “142B,” a chur isteach i ndiaidh “142A,”

(b) in alt 142A (a cuireadh isteach le halt 6(c) d’Acht 2009)—

(i) i bhfo-alt (1)(a), trí “22 bhliain” a chur in ionad “20 bliain”,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4)(a):

“(a) gur thosaigh an tréimhse bhearnaithe fostaíochta an 30 Nollaig 2009 nó roimhe, agus más rud é, sa tréimhse roimh an dáta sin, nár dhuine an t-éilitheoir lenar bhain an t-alt seo,”

agus

(iii) i bhfo-alt (4)(d), trí “22 bhliain” a chur in ionad “20 bliain”,

agus

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 142A:

“Na rátaí cúnaimh — aoiseanna 22 bhliain go 24 bliana.

142B.—(1) D’ainneoin alt 142(1), i gcás duine—

- (a) a bhfuil 22 bhliain d’aois slánaithe aige nó aici agus nach bhfuil 25 bliana d’aois slánaithe aige nó aici,
- (b) nach duine dá dtagraítear in alt 142(1)(a)(ii) (arna leasú le halt 20 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007), agus
- (c) nach bhfuil i dteideal méadú a fháil i leith linbh cháilithe,

is é a bheidh sa ráta sceidealta liúntais cuardaitheora poist an ráta seachtainiúil atá leagtha amach i gcolún (2) ag tagairt 1(d) i gCuid 1 de Sceideal 4 (a cuireadh isteach le halt 4 den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2) 2009*) arna mhéadú den mhéid atá leagtha amach i gcolún (3) den Chuid sin os coinne na tagartha sin in aghaidh aon tréimhse ar lena linn a bheidh aosach cáilithe ag an éilitheoir nó ag an tairbhí, faoi réir an tsriain nach mbeidh an t-éilitheoir nó an tairbhí i dteideal méadú a fháil ar an liúntas in aghaidh na tréimhse céanna faoin bhfo-alt seo i leith níos mó ná duine amháin.

- (2) (a) I gcás duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus faoi réir mhír (b), beidh liúntas cuardaitheora poist iníoctha más rud é, maidir le hacmhainn sheachtainiúil an éilitheora nó an tairbhí—
 - (i) gur lú í ná €1, de réir an ráta sceidealta,
 - (ii) go bhfuil sí comhionann le €1, de réir an ráta sceidealta arna laghdú de €1, agus
 - (iii) gur mó í ná €1, de réir an ráta sceidealta, arna laghdú de €1 i leith gach méid (más ann) de €1 ar mó an acmhainn sheachtainiúil sin ná €1.
- (b) I gcás go bhfuil acmhainn sheachtainiúil an éilitheora nó an tairbhí comhionann leis an ráta sceidealta nó i gcás gur mó í ná an ráta sin, ní bheidh aon

liúntas cuardaitheora poist
iníoctha.

(3) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i gcás éilimh ar liúntas cuardaitheora poist, más rud é—

(a) gur thosaigh an tréimhse bhearnaithe fostaíochta an 30 Nollaig 2009 nó roimhe, agus más rud é, sa tréimhse roimh an dáta sin, nár dhuine an t-éilitheoir lenar bhain alt 142A,

(b) go bhfuil, díreach roimh iarratas a dhéanamh ar liúntas faoin alt seo, a theideal nó a teideal chun sochair is iníoctha de bhun alt 67 ídithe ag éilitheoir,

(c) go raibh liúntas míchumais á fháil ag éilitheoir díreach roimh dó nó di an t-éileamh faoin alt seo a dhéanamh, nó

(d) go bhfuil éilitheoir páirteach sa chlár socrúcháin oibre.

(4) I bhfo-alt (3), ciallaíonn ‘clár socrúcháin oibre’ an clár ar a dtugtar an t-ainm sin go coitianta, ar clár é a riarann an Foras Áiseanna Saothair.”.

7.—(1) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chuid 4 (a cuireadh isteach le halt 3 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008):

Sochar linbh (rátaí nua).

“CUID 4

NA MÉIDEANNA SOCHAIR LINBH

An méid i leith gach linbh den chéad 2 leanbh	An méid i leith gach linbh de bhreis ar 2
(1)	(2)
€150.00	€187.00

”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2010.

8.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 38:

Teorainn le ranníocaí a thabhairt ar ais.

“Teorainn le ranníocaí a thabhairt ar ais.

38A.—(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), maidir le hiarratas, de bhun alt 34, 37 nó 38, chun ranníocaí a thabhairt ar ais, déanfar é—

(a) laistigh de 4 bliana ón lá deireanach den bhliain ranníoca ar ina leith a íocadh na ranníocaí lena mbaineann, agus

(b) ar cibé slí a chinnfidh an tAire nó an tArd-Bhailitheoir, de réir mar is cuí, ó am go ham.

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1), más rud é—

(a) go bhfuil iarratas déanta an 31 Nollaig 2009 nó roimhe chun ranníocaí a thabhairt ar ais, nó

(b) go ndéantar ranníocaí a thabhairt ar ais de bhun cinnidh ó oifigeach breithiúnachta nó, i gcás go ndéantar achomharc in aghaidh cinnidh den sórt sin, ó oifigeach achomhairc—

(i) ar cheist dá dtagraítear i bhfomhír (iv), (v), (vi), (x), (xi) nó (xii) d'alt 300(2)(a), agus

(ii) go bhfuair an tAire an iarraidh ar chinneadh den sórt sin an 31 Nollaig 2009 nó roimhe.

(3) Féadfaidh tabhairt ar ais ranníocaí a bheith faoi réir gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas:

(a) méid aon ranníocaí a asbhaint—

(i) a íocadh de réir ráta mhíchirt i leith duine árachaithe, agus

(ii) ar pléadh leo, faoi Airteagal 71(1) de na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht) (I.R. 312 de 1996), mar ranníocaí a íocadh ar chuntas ranníocaí ab iníoctha go cuí i leith an duine sin;

(b) méid a asbhaint atá comhionann le méid aon sochair a íocadh leis an duine mar gheall ar ranníocaí a íocadh trí dhearmad.

(4) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis an modh ar a ríomhfar méid aon ranníocaí a dhlífear a aisíoc.

(5) San alt seo—

tá le ‘sochar’ an bhrí a shanntar dó le halt 7(2);

ciallaíonn ‘ranníocaí’—

(a) ranníocaí fostaíochta,

- (b) ranníocaí féinfhostaíochta,
- (c) ranníocaí saorálacha, nó
- (d) ranníocaí roghnacha.”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2010.

9.—(1) Leasaítear alt 110 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

Leasú ar alt 110
den Phríomh-Acht.

“(2) Ní bheidh pinsean Stáit (ranníocach) iníoctha i leith aon tréimhse roimh an dáta a bheidh na ranníocaí féinfhostaíochta go léir dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b), agus is iníoctha ag an duine lena mbaineann, íoctha.

(3) I gcás gur íoc an duine na ranníocaí go léir a bhí dlite faoi fho-alt (1)(b) seachas ranníocaí is iníoctha i leith na bliana ranníoca iomláine deiridh roimh an dáta a shlánaíonn an duine sin aois pinsin, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) i leith an duine sin.

(4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le héileamh ar phinsean Stáit (ranníocach) arna dhéanamh an 31 Nollaig 2009 nó roimhe.”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2010.

10.—(1) Leasaítear alt 128 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

Leasú ar alt 128
den Phríomh-Acht.

“(2) Ní bheidh pinsean iníoctha i leith aon tréimhse roimh an dáta a bheidh na ranníocaí féinfhostaíochta go léir dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b), agus is iníoctha ag an duine lena mbaineann, íoctha.

(3) I gcás gur íoc an duine na ranníocaí go léir a bhí dlite faoi fho-alt (1)(b) seachas ranníocaí is iníoctha i leith na bliana ranníoca iomláine deiridh roimh an tráth iomchuí, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) i leith an duine sin.

(4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le héileamh ar phinsean arna dhéanamh an 31 Nollaig 2009 nó roimhe.”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2010.

11.—(1) Leasaítear alt 138 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

Leasú ar alt 138
den Phríomh-Acht.

“(2) Féadfar a shonrú sna rialacháin, chun críocha an ailt seo, go n-íocfar costas iomlán, nó aon chuid de chostas, aon ní acu seo a leanas:

- (a) scrúdú déidliachta a dhéanamh;
- (b) scrúdú súil-liachta a dhéanamh;
- (c) fearais arna soláthar faoin scéim ar a dtugtar de ghnáth an Scéim um Fhearais Liachta.”.

(2) Ní bheidh feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (I)* maidir le haon chóireáil nó sochar atá ceadaithe an 31 Nollaig 2009 nó roimhe de bhun agus de réir alt 138 agus rialachán arna ndéanamh faoi.

(3) Tagann an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2010.

Liúntas leasa forlíontach — leasuithe.

12.—Leasaítear alt 187 (arna leasú le halt 14 d’Acht 2008) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘foras’—

- (a) ospidéal, teach téarnaimh nó teach do dhaoine a bhfuil míchumas coirp nó meabhrach orthu nó cóiríocht atá coimhdeach le hospidéal nó teach den sórt sin,
- (b) aon áitreabh ina soláthraítear cónaí, cothabháil nó cúram do na daoine atá ann,
- (c) príosún nó áit choinneála, nó
- (d) foras forordaithe;”,

agus

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ús morgáiste”:

“ciallaíonn ‘ús morgáiste’ an chionmhaireacht d’aon mhéid is iníoctha ag duine le hiasachtóir morgáiste agus atá de thuras na huairé inchurtha síos d’ús is iníoctha faoi chomhaontú arna dhéanamh ag an duine sin leis an iasachtóir morgáiste chun airgead a íoc a úsáidtear chun aon-áit nó príomháit chónaithe an duine sin a cheannach nó a dheisiú, nó chun feabhas riachtanach a chur uirthi, nó chun iasacht eile a aisíoc a úsáidtear chun na críche sin ach ní fholáíonn sé—

- (a) ús is iníoctha i ndáil leis an gcomhaontú sin de bhua moille nó mainneachtana maidir le haisíocaíocht a dhéanamh faoin gcomhaontú sin, ná
- (b) comhiomlán na méideanna seo a leanas—
 - (i) aon fhaoiseamh i leith úis atá dlite don duine faoi alt 244 (arna leasú le halt 3 den Acht Airgeadais 2009) d’Acht 1997, agus
 - (ii) aon liúntas morgáiste nó fóirdheontas morgáiste is inchurtha síos d’ús is iníoctha ag údarás áitiúil thar ceann an duine faoi Achtanna na dTithe 1963 go 2009.”.

Leasú ar alt 197 den Phríomh-Acht.

13.—Leasaítear alt 197 (arna leasú le halt 7 d’Acht 2009) den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2), trí “22 bhliain” a chur in ionad “20 bliain”,
- (b) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go raibh an liúntas á fháil go leanúnach aige nó aici ó dháta arb é an 30 Nollaig 2009, nó dáta roimhe sin, é, agus más rud é, sa tréimhse roimh an dáta sin, nár dhuine an t-éilitheoir lenar bhain fo-alt (2).”

- (c) i bhfo-alt (3)(b), trí “22 bhliain” a chur in ionad “20 bliain”, agus
- (d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) D’ainneoin fho-alt (1), i gcás duine a bhfuil 22 bhliain d’aois slánaithe aige nó aici ach nach bhfuil 25 bliana d’aois slánaithe aige nó aici agus atá gan acmhainn, arna chinneadh leis an gCaibidil seo, agus nach bhfuil i dteideal méadú a fháil i leith linbh cháilithe, faoi réir aon íocaíochta faoi alt 198, is é a bheidh sa mhéid seachtainiúil liúntais leasa fhorlíontaigh is iníoctha an méid atá leagtha amach i gcolún (2) ag tagairt 10(c) (arna cur isteach le *halt 4* den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2) 2009* de Chuid 1 de Sceideal 4 arna mhéadú den mhéid atá leagtha amach i gcolún (3) den Chuid sin in aghaidh aon tréimhse ar lena linn a bheidh aosach cáilithe ag an tairbhí faoi réir an tsriain nach mbeidh an t-éilitheoir nó an tairbhí i dteideal méadú a fháil ar an liúntas in aghaidh na tréimhse céanna faoin bhfo-alt seo i leith níos mó ná duine amháin.

(5) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (4) i gcás éilimh ar liúntas leasa forlíontach i gcás go raibh an liúntas á fháil go leanúnach ag an éilitheoir ó dháta arb é an 30 Nollaig 2009, nó dáta roimhe sin, é, agus más rud é, sa tréimhse roimh an dáta sin, nár dhuine an t-éilitheoir lenar bhain fo-alt (2).”

14.—Leasaítear alt 198 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3F) (a cuireadh isteach le *halt 7* d’Acht 2009)—

Forlíonadh seachtainiúil nó míosúil — leasú.

“(3F) Ní bheidh duine i dteideal íocaíochta dá dtagraítear i bhfo-alt (3) mura rud é, ar an iarratas a dhéanamh, gur deimhin leis an bhFeidhmeannacht gur tionónta *bona fide* é nó í an duine, agus—

- (a) go bhfuil measúnaithe ag údarás tithíochta de bhun alt 9 d’Acht na dTithe 1988 (arna leasú le *halt 75* den Acht Sláinte 2004) gur duine é nó í a bhfuil gá aige nó aici le tithíocht,
- (b) go raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí, don tréimhse a fhorordaítear, i gcóiríocht ar cíos—
 - (i) a raibh, i dtosach na tionóntachta, ionchas ann ina leith, a mhéid ba réasúnach sna himthosca

uile, go bhféadfadh duine an cíos a íoc amach sa todhchaí, agus

- (ii) a raibh an duine in ann an cíos a íoc ina leith i dtosach na tionóntachta,

agus tar éis thosach na tionóntachta gur tháinig mórathrú ar imthosca an duine agus nach bhfuil ar a chumas nó ar a cumas an cíos a íoc agus nach é nó í an duine sin is cúis leis an athrú sin ar a imthosca nó a himthosca,

- (c) go raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí, don tréimhse a fhorordaítear, i gcóiríocht do dhaoine gan chónaí mar a fhoráiltear faoi alt 10 d’Acht na dTithe 1988, nó
- (d) go raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí i bhforas don tréimhse a fhorordaítear.”.

Leasú ar alt 246 den Phríomh-Acht.

15.—Leasaítear alt 246 (arna leasú leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008) den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) D’ainneoin fho-ailt (1) go (4) agus faoi réir fho-alt (9), maidir le duine nach bhfuil de cheart aige nó aici cónaí sa Stát, ní mheasfar, chun críocha an Achta seo, cónaí rialta a bheith air nó uirthi sa Stát.

(6) Glacfar leis, chun críche fho-alt (5), go bhfuil de cheart ag na daoine seo a leanas cónaí sa Stát:

- (a) saoránach Éireannach faoi Achtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 go 2004;
- (b) duine a bhfuil de cheart aige nó aici teacht isteach agus cónaí sa Stát faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine) (Uimh. 2) 2006 (I.R. Uimh. 656 de 2006), Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eachtrannaigh) 1977 (I.R. Uimh. 393 de 1977) nó Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceart Cónaithe do Dhaoine nach bhfuil Gníomhach sa Gheilleagar) 1997 (I.R. Uimh. 57 de 1997);
- (c) duine a bhfuil dearbhú de réir bhrí alt 17 d’Acht 1996 i bhfeidhm ina leith;
- (d) duine de theaghlach dídeanaí, nó duine cleithiúnach de theaghlach dídeanaí, ar ina leith a deonaíodh cead chun teacht isteach agus cónaí sa Stát faoi réim agus de réir alt 18(3)(a) nó, de réir mar a bheidh, alt 18(4)(a) d’Acht 1996;
- (e) dídeanaí cláir de réir bhrí alt 24 d’Acht 1996;
- (f) duine dár deonaíodh cead chun fanacht sa Stát faoi Rialachán 4(4) de Rialacháin 2006;
- (g) duine dár dheonaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí cead chun

teacht isteach, agus cónaí, sa Stát faoi Rialachán 16(3)(a) nó 16(4)(a) de Rialacháin 2006;

- (h) duine atá sa Stát de réir ceada chun bheith sa Stát arna thabhairt ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí nó thar a cheann nó thar a ceann faoi réim agus de réir alt 4 nó 5 den Acht Inimirce 2004.

(7) Ní mheasfar cónaí rialta sa Stát chun críche an Achta seo a bheith ar na daoine seo a leanas:

- (a) duine a bhfuil iarratas déanta aige nó aici faoi alt 8 d'Acht 1996, i gcás nach bhfuil breith tugtha fós ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dtaobh an dtabharfar dearbhú faoi alt 17 d'Acht 1996 i leith an iarratais sin;
- (b) duine a bhfuil iarratas ar chosaint fhoghabhálach déanta ina leith faoi Rialachán 4 de Rialacháin 2006, i gcás nach bhfuil cinneadh déanta fós faoin Rialachán sin i leith an iarratais sin;
- (c) duine ar tugadh fógra dó nó di faoi alt 3(3)(a) den Acht Inimirce 1999 á rá go mbeartaíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ordú ionnarbtha a dhéanamh, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil uirill déanta ag an duine sin faoi alt 3(3)(b) den Acht sin, i gcás nach bhfuil breith tugtha fós ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dtaobh an mbeidh ordú ionnarbtha le déanamh i leith an duine sin;
- (d) duine a bhfuil iarratas déanta aige nó aici faoi alt 8 d'Acht 1996, is iarratas ar dhiúltaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí dó;
- (e) duine a bhfuil iarratas ar chosaint fhoghabhálach déanta ina leith faoi Rialachán 4 de Rialacháin 2006 agus a bhfuil cinneadh déanta nach bhfuil an duine sin incháilithe chun cosaint fhoghabhálach a fháil faoi Rialacháin 2006;
- (f) duine a bhfuil ordú ionnarbtha déanta ina leith faoi alt 3(1) den Acht Inimirce 1999.

(8) Chun críocha an Achta seo, más rud é, maidir le duine—

- (a) go dtugtar dearbhú dó nó di á rá gur dídeanaí é nó í faoi alt 17 d'Acht 1996,
- (b) go ndeonaítear cead dó nó di teacht isteach agus fanacht sa Stát faoi alt 18(3)(a) nó 18(4)(a) d'Acht 1996,
- (c) go ndeonaítear cead dó nó di fanacht sa Stát faoi Rialachán 4(4) de Rialacháin 2006,
- (d) go ndeonaítear cead dó nó di teacht isteach agus cónaí sa Stát faoi Rialachán 16(3)(a) nó 16(4)(a) de Rialacháin 2006, nó

- (e) go ndeonaítear cead dó nó di fanacht sa Stát faoin Acht Inimirce 1999 agus dá réir nó faoin Acht Inimirce 2004 agus dá réir,

ní mheasfar cónaí rialta a bheith air nó uirthi sa Stát ar feadh aon tréimhse roimh an dáta a tugadh an dearbhú dá dtagraítear i mír (a) nó a deonaíodh an cead dá dtagraítear i mír (b), (c), (d) nó (e).

(9) D’ainneoin ceart a bheith ag duine, nó d’ainneoin go measfar de réir fho-alt (6) ceart a bheith ag duine, cónaí sa Stát, is de réir fho-ailt (1) agus (4) a dhéanfar an cinneadh i dtaobh an bhfuil cónaí rialta ar an duine sin sa Stát.

- (10) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 1996’ Acht na nDídeanaithe 1996;

ciallaíonn ‘Rialacháin 2006’ Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta) 2006 (I.R. Uimh. 518 de 2006).”.

Cigirí leasa shóisialaigh — leasú.

16.—Leasaítear alt 250 (arna leasú le hailt 29 agus 37 den Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin 2006) den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (16):

“(16) D’fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an tAcht seo, féadfaidh cigire leasa shóisialaigh—

- (a) más rud é go bhfuil duine díobh seo a leanas in éineacht leis nó léi—

(i) comhalta den Gharda Síochána faoi éide, nó

(ii) oifigeach Custam agus Máil faoi éide,

agus

- (b) ar dheimhniú a cheapacháin nó a ceapacháin a thabhairt ar aird,

aon fheithicil a stopadh agus, chun na críche sin, féadfaidh sé nó sí—

- (i) ceistiú a dhéanamh ar aon duine san fheithicil nó i gcomharsanacht na feithicle agus fiafruithe a dhéanamh de nó di, agus

- (ii) a cheangal ar dhuine den sórt sin, i gcás drochamhras réasúnach a bheith ag an gcigire leasa shóisialaigh go bhfuil an fheithicil á húsáid i gcúrsa fostaíochta nó féinfhostaíochta, aon taifead a thabhairt don chigire leasa shóisialaigh a bhaineann le fostaíocht nó le féinfhostaíocht an duine sin agus atá á shealbhú san fheithicil ag an duine sin.

(17) San alt seo, tá le ‘oifigeach Custam agus Máil’ an bhrí a shanntar dó leis an Acht Custam 1956.”.

17.—Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 250:

Faisnéis atá le tabhairt ag forais airgeadais.

“Faisnéis atá le tabhairt ag forais airgeadais.

250A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Aire faoi alt 250B chun na cumhachtaí a thugtar dó nó di leis an alt seo, agus faoi, a fheidhmiú;

folaíonn ‘leabhair, taifid nó doiciméid eile’—

(a) aon taifid a úsáidtear i ngnó forais airgeadais, nó a úsáidtear i roinn aistrithe forais airgeadais a ghníomhaíonn mar chláraitheoir urrús, ar taifid iad—

(i) a chuimsítear in imleabhair cheangailte, i gceangaltóirí bileog scaoilte nó i gcomhadchóras bileog scaoilte eile, i leatháin mhórleabhair bileog scaoilte, i leathanaigh, i bhfóilíonna nó i gcártaí, nó

(ii) a choimeádtar ar mhicreascannán, ar théip mhaighnéadach nó in aon fhoirm neamh-inléite (trí úsáid leictreonaice nó ar shlí eile) is féidir a atáirgeadh i bhfoirm inléite,

(b) gach meán leictreonach nó meán uathoibríoch eile, más ann, trínar féidir aon ní den sórt sin i bhfoirm neamh-inléite a atáirgeadh,

(c) doiciméid lámhscríofa, doiciméid atá clóscríofa, clóite, stionsaláilte nó cruthaithe trí aon phróiseas meicniúil nó páirtmheicniúil a bheidh in úsáid ó am go ham agus doiciméid a tháirgtear trí aon phróiseas fótagrafach nó fótastatach, agus

(d) comhfhreagras agus taifid ar chumarsáidí eile idir foras airgeadais agus a chustaiméirí;

ciallaíonn ‘foras airgeadais’—

(a) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais 1971, nó duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh ceadúnas nó údarú eile dá shamhail faoi dhlí aon Bhallstáit eile a fhreagraíonn do cheadúnas arna dheonú faoin alt sin,

(b) duine dá dtagraítear in alt 7(4) d'Acht an Bhainc Ceannais 1971, nó

(c) foras creidmheasa (de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa a Cheadúnú agus a Mhaoirsiú) 1992 (I.R. Uimh. 395 de 1992)) atá údaraithe ag Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann chun gnó forais creidmheasa a sheoladh de réir fhorálacha na n-achtachán maoirseachta (de réir bhrí na Rialachán sin).

(2) D'ainneoin aon oibleagáide maidir le rúndacht nó sriain eile ar nochtadh faisnéise a fhorchuirtear le reacht nó faoi reacht nó ar shlí eile, agus faoi réir an ailt seo, maidir le hoifigeach údaraithe ag a bhfuil forais réasúnacha chun a chreidiúint go ndearna éilitheoir nó tairbhí sárú ar an Acht seo, féadfaidh sé nó sí, d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar an tAcht seo, fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar fhoras airgeadais á cheangal ar an bhforas airgeadais ceachtar de na nithe seo a leanas, nó iad araon, a dhéanamh laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra nach lú ná 30 lá ó dháta seirbheála an fhógra:

(a) cibé leabhair, taifid nó doiciméid eile a shonrófar san fhógra agus atá faoi urláimh nó i seilbh an fhorais airgeadais, nó ar fáil aige, a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag an oifigeach údaraithe, is leabhair, taifid nó doiciméid ina bhfuil, nó ina bhféadfaidh go bhfuil, i dtuairim an oifigh údaraithe ar thángthas uirthi ar fhorais réasúnacha, faisnéis is iomchuí maidir leis an sárú sin;

(b) cibé faisnéis, mínithe agus sonraí a shonrófar san fhógra agus a cheanglóidh an t-oifigeach údaraithe le réasún a thabhairt don oifigeach údaraithe, i scríbhinn nó ar shlí eile, is faisnéis, mínithe agus sonraí is iomchuí maidir leis an sárú sin.

(3) I gcás go ndéanann foras airgeadais, le linn ceanglais fógra faoi fho-alt (2) a chomhlíonadh, leabhair, taifid nó doiciméid eile a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag oifigeach údaraithe, tabharfaidh sé cúnaimh réasúnach don oifigeach údaraithe, lena n-áirítear faisnéis, mínithe agus sonraí, i ndáil le húsáid na modhanna leictreonacha nó na modhanna uathoibríocha eile go léir, más ann, trínar féidir na leabhair, na taifid nó na doiciméid eile, a mhéid atá siad i bhfoirm neamh-inléite, a atáirgeadh i bhfoirm inléite, agus i ndáil le haon trealamh sonraí nó le haon ghaires gaolmhar nó le haon ábhar gaolmhar.

(4) Ní dhéanfaidh oifigeach údaraithe fógra a sheirbheáil ar fhoras airgeadais faoi fho-alt (2)—

- (a) gan toiliú i scríbhinn ó dhuine atá ainmnithe ag an Aire faoin alt seo, agus
- (b) mura bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint gur dóigh go bhfuil faisnéis is iomchuí maidir leis an éilitheoir nó leis an tairbhí lena mbaineann agus leis an sárú dá dtagraítear i bhfo-alt (2) ag an bhforas airgeadais.

(5) Déanfar an t-éilitheoir nó an tairbhí a bhfuil fiosrú á dhéanamh ag an oifigeach údaraithe ina leith a ainmniú i bhfógra a sheirbheálfar faoi fho-alt (2).

(6) I gcás go seirbheálfadh oifigeach údaraithe fógra faoi fho-alt (2), tabharfaidh an t-oifigeach údaraithe cóip den fhógra don éilitheoir nó don tairbhí lena mbaineann.

(7) I gcás go ndéanann foras airgeadais, le linn fógra arna sheirbheáil faoi fho-alt (2) a chomhlíonadh, leabhair, taifid nó doiciméid eile a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag oifigeach údaraithe, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe sleachta a thógáil as na leabhair, na taifid nó na doiciméid eile go léir nó as aon chuid díobh nó cóipeanna a dhéanamh díobh nó d'aon chuid díobh.

(8) Féadfaidh an tAire cibé oifigigh agus cibé líon oifigeach de chuid an Aire is cúf leis an Aire a ainmniú i scríbhinn chun toiliú le seirbheáil fógra faoin alt seo.

(9) Más rud é, maidir le fógra—

- (a) go bhfuil sé le seirbheáil ar fhoras airgeadais faoin alt seo, féadfar é a sheirbheáil—
 - (i) trína fhágáil in oifig chláraithe an chomhlachta chorpraithe nó trína chur leis an bpost chuig an oifig sin,
 - (ii) trína fhágáil in aon áit sa Stát ina seolann an comhlacht corpraithe a ghnó nó trína chur leis an bpost chuig an áit sin, nó
 - (iii) trína chur leis an bpost chuig aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an fhorais airgeadais nó a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú in aon cháiil den sórt sin

san áit a bhfuil cónaí ar an duine sin,

agus

(b) go bhfuil sé le tabhairt d'éilitheoir nó do thairbhí, déanfar é a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm agus féadfar é a chur chuige nó chuici nó a thabhairt dó nó di—

(i) trína sheachadadh ar an duine,

(ii) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go bhfuil seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin, nó

(iii) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go bhfuil seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.

(10) Aon duine a mhainníonn nó a dhiúltaíonn fógra faoi fho-alt (2) a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €20,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Oifigigh
údaraithe.

250B.—(1) Féadfaidh an tAire cibé oifigigh agus cibé líon oifigeach de chuid an Aire is cuí leis an Aire a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh údaraithe chun críocha alt 250A.

(2) Tabharfaidh an tAire deimhniú a cheapacháin nó a ceapacháin d'oifigeach údaraithe a cheapfar faoin alt seo.

(3) Déanfaidh oifigeach údaraithe, le linn cumhacht a thugtar dó nó di leis an alt seo a fheidhmiú, má iarrann duine a ndéanann an feidhmiú sin difear dó nó di é, deimhniú a cheapacháin nó a ceapacháin a thabhairt ar aird don duine sin.

(4) Scoirfidh ceapachán faoin alt seo—

(a) nuair a chúlghairfidh an tAire an ceapachán,

- (b) nuair a scoirfidh an duine de bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach don Aire, nó
- (c) más ar feadh tréimhse socraithe a dhéanfar é, ar éag don tréimhse sin.”.

18.—Leasaítear alt 261 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2): Faisnéis a mhalartú
— leasú.

“(2A) Féadfaidh an tAire faisnéis atá ag an Aire chun críche an Achte seo nó chun scéimeanna a rialú a riarann an tAire nó an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, nó a riartar thar a cheann nó thar a ceann, a aistriú—

- (a) chuig údarás inniúil Ballstáit seachas an Stát, nó
- (b) chuig eagraíocht idirnáisiúnta, chuig aon stát nó rialtas eile nó chuig an údarás cuí faoi aon rialtas eile a ndearnadh ordú ina leith faoi alt 287.”.

19.—Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht— Sceideal 3 — leasú.

(a) i gCuid 1, trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘íocaíocht ghreasachta’ íocaíocht ghreasachta arna déanamh faoin scéim greasachta speisialta um shosanna gairme;

ciallaíonn ‘scéim greasachta speisialta um shosanna gairme’ an scéim ar a dtugtar an t-ainm sin go coitianta agus a fógraíodh ar ordachán ón Aire Airgeadais an 30 Aibreán 2009 agus lena dtugtar teideal do státseirbhísigh d’aicme áirithe iarratas a dhéanamh ar shaoire speisialta nach giorra ná 3 bliana gan phá agus ar íocaíocht ghreasachta;”.

(b) i gCuid 2, tríd an Riail seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Riail 1:

“1A. Le linn acmhainn duine a ríomh chun críocha Chaibidlí 2, 3, 10 agus 11 de Chuid 3, d’ainneoin aon eisiaimh faoi Riail 1(2)(b), cuirfear i gcuntas aon íocaíochtaí greasachta a dhéantar le duine nó le céile an duine sin faoin scéim greasachta speisialta um shosanna gairme agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo—

- (a) ní bheidh feidhm ag an eisiaimh faoi Riail 1(2)(b)(iv)(II) ar airgead a thuilleann an duine nó a chéile nó a céile maidir le haon íocaíocht ghreasachta a dhéantar leis an duine nó lena chéile nó lena céile faoin scéim sin, agus
- (b) ní bheidh feidhm ag an eisiaimh faoi Riail 1(2)(b)(vi) ar airgead a thuilleann an céile lena mbaineann maidir le haon íocaíocht ghreasachta a dhéantar leis an gcéile sin faoin scéim sin.”.

- (c) i gCuid 4 (arna leasú le halt 24 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008), tríd an Riail seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Riail 2:

“2A. (1) Le linn acmhainn sheachtainiúil duine a ríomh le haghaidh liúntais leasa fhorlíontaigh, d’ainneoin aon eisiaimh faoi Riail 1(2)(b), cuirfear i gcuntas aon íocaíocht ghreasachta a dhéantar le duine nó le céile an duine sin faoin scéim greasachta speisialta um shosanna gairme.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), chun críocha Riail 2, ní fholaíonn ioncam breise ioncam a eascraíonn as aon íocaíocht ghreasachta faoin scéim sin a dhéantar le duine dá dtagraítear i Riail 1(2)(b)(v).”,

- (d) i gCuid 5, tríd an Riail seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Riail 6:

“6A. (1) Le linn acmhainn duine a ríomh, d’ainneoin aon eisiaimh faoi Riail 1(2)(b), cuirfear i gcuntas aon íocaíocht ghreasachta a dhéantar le duine nó le céile duine faoin scéim greasachta speisialta um shosanna gairme.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), chun críocha Riail 1(2)(b)(viii), ní bheidh feidhm ag an eisiaimh, i leith íocaíochta teaghlaigh aontuismitheora, ar aon airgead a fhaightear ar mhodh tuillimh agus dá dtagraítear sa Riail sin maidir le haon íocaíocht ghreasachta a dhéantar le duine faoin scéim greasachta speisialta um shosanna gairme.”.

Sceideal 5 — leasú.

20.—Leasaítear Sceideal 5 (arna leasú le halt 32 d’Acht 2007) a ghabhann leis an bPríomh-Acht i mír 1.(4)—

- (a) trí “an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh,” a chur isteach i ndiaidh “Fiontraíocht Éireann,” agus
- (b) trí “an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre,” a chur isteach i ndiaidh “an tÚdarás Slándála Príobháidí.”.

CUID 3

LEASÚ AR ACHT 1990

Leasú ar Acht 1990.

21.—(1) Leasaítear alt 141(1) (a cuireadh isteach le halt 5 d’Acht na bPinsean (Leasú) 2002) d’Acht 1990 i mír (a)(ii) trí “ón Ombudsman Pinsean” a chur in ionad “ón Aire”.

(2) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme *fho-alt (1)*, go bhfuil aon imeachtaí dlí faoi alt 141(1) d’Acht 1990, ar páirtí iontu an tAire, ar feitheamh, cuirfear ainm an Ombudsman Pinsean in ionad ainm an Aire sna himeachtaí agus ní rachaidh na himeachtaí sin ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

SCEIDEAL 1

Alt 3.

“CUID 1

NA RÁTAÍ SOCHAR TRÉIMHSIÚIL AGUS NA MÉADUITHE ORTHU

An cineál sochair	An ráta seachtainiúil	An méadú i leith aosaigh cháilithe (más infoctha)	An méadú i leith gach linbh cháilithe (más infoctha)	An méadú i leith gaoil fhorordaithe faoi alt 183 (más infoctha)	An méadú i gcás go bhfuil an duine ina chónaí nó ina aonar nó ina haonar (más infoctha)	An méadú i gcás 80 bliain d'aois a bheith slánaithe ag an duine (más infoctha)	An méadú i gcás go bhfuil gnáthchónaí ar an duine ar oileán amach ó chósta na hÉireann (más infoctha)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
	€	€	€	€	€	€	€
1. Sochar Breoiteachta, Sochar Cuardaitheora Poist, Sochar Díobhála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	196.00	130.10	29.80	—	—	—	—
2. Sochar Báis:							
(a) pinsean is infoctha le baintreach nó le baintreach fir (alt 81)	226.50	—	29.80	143.00	7.70	10.00	12.70
méadú breise i leith baintrí nó baintrí fir (faoi alt 81) a bhfuil aois inphinsin slánaithe aige nó aici	8.20	—	—	—	—	—	—
(b) pinsean is infoctha le tuismitheoir:							
(i) ráta laghdaithe	109.50	—	—	143.00	7.70	—	—
(ii) ráta uasta	226.50	—	—	143.00	7.70	—	—
(c) pinsean is infoctha le dílleachta	172.80	—	—	—	—	—	—
3. Pinsean Stáit (Ranníocach) agus Pinsean Stáit (Aistriú):	230.30	153.50	29.80	143.00	7.70	10.00	12.70
méadú breise i leith aosaigh cháilithe a bhfuil aois inphinsin slánaithe aige nó aici	—	52.80	—	—	—	—	—

An cineál sochair	An ráta seachtainiúil	An méadú i leith aosaigh cháilithe (más iníoctha)	An méadú i leith gach linbh cháilithe (más iníoctha)	An méadú i leith gaoil fhorordaithe faoi alt 183 (más iníoctha)	An méadú i gcás go bhfuil an duine ina chónaí nó ina aonar nó ina haonar (más iníoctha)	An méadú i gcás 80 bliain d'aois a bheith slánaithe ag an duine (más iníoctha)	An méadú i gcás go bhfuil gnáthchónaí ar an duine ar oileán amach ó chósta na hÉireann (más iníoctha)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
	€	€	€	€	€	€	€
4. Pinsean Easláine:	201.50	143.80	29.80	143.00	7.70	10.00	12.70
méadú breise i leith tairbhí a bhfuil 65 bliana d'aois slánaithe aige nó aici	28.80	—	—	—	—	—	—
méadú breise i gcás aois inphinsin a bheith slánaithe ag aosach cáilithe	—	62.50	—	—	—	—	—
5. Pinsean Baintrí (Ranníocach) agus Pinsean Baintrí Fir (Ranníocach) agus íocaíocht dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar 'íocaíocht iomchuí' in alt 178:	201.50	—	29.80	143.00	7.70	10.00	12.70
méadú breise i leith tairbhí a bhfuil aois inphinsin slánaithe aige nó aici	28.80	—	—	—	—	—	—
6. Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	169.00	—	—	—	—	—	—
7. Sochar Cúramóra:							
(a) i gcás duine lena mbaineann alt 102(1)(b)	213.00	—	29.80	—	—	—	—
(b) i gcás duine lena mbaineann alt 102(1)(a)	319.50	—	29.80	—	—	—	—

CUID 2

SOCHAIR DHÍOBHÁLACHA CEIRDE — AISCÍ AGUS DEONTAS

An Cineál Deontais (1)	An Méid (2)
	€
1. Sochar Míthreorach: Aisce uasta	15,880
2. Sochar Báis	850

CUID 3

PINSEAN MÍTHREORACH

An grád míthreorach (1)	An ráta seachtainiúil (2)
	€
100 faoin gcéad	227.00
90 faoin gcéad	204.30
80 faoin gcéad	181.60
70 faoin gcéad	158.90
60 faoin gcéad	136.20
50 faoin gcéad	113.50
40 faoin gcéad	90.80
30 faoin gcéad	68.10
20 faoin gcéad	45.40

CUID 4

MÉADUITHE AR PHINSEAN MÍTHREORACH

An cineál méadaithe (1)	An ráta seachtainiúil (2)	An méadú i gcás go bhfuil an duine ina chónaí nó ina aonar nó ina haonar (3)	An méadú i gcás gnáthchónaí a bheith ar an duine ar oileán amach ó chósta na hÉireann (más infoctha) (4)
	€	€	€
1. Méadú i gcás an duine a bheith éagumasach go buan chun oibre	196.00	7.70	12.70
2. Méadú i gcás síorfhreastal a bheith ag teastáil ón duine	213.00	—	—

”.

[Uimh. 43.] An tAcht Leasa Shóisialaigh agus [2009.]
Pinsean (Uimh. 2) 2009.

Alt 4.

SCEIDEAL 2

“CUID 1

NA RÁTAÍ CÚNAIMH SHÓISIALAIGH THRÉIMHSIÚIL AGUS NA
MÉADUITHE ORTHU

An cineál cúnaimh	An ráta seachtainiúil	An méadú i leith aosaigh cháilithe (más iníoctha)	An méadú i leith gach linbh cháilithe (más iníoctha)	An méadú i leith gaoil fhorordaithe faoi alt 183 (más iníoctha)	An méadú i gcás go bhfuil an duine ina chónaí nó ina aonar nó ina haonar (más iníoctha)	An méadú i gcás 80 bliain d’aois a bheith slánaithe ag an duine (más iníoctha)	An méadú i gcás gnáthchónaí a bheith ar an duine ar oileán amach ó chósta na hÉireann (más iníoctha)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
	€	€	€	€	€	€	€
1. Liúntas Cuardaitheora Poist:							
(a) i gcás duine lena mbaineann alt 142(1)(a)	196.00	130.10	29.80	—	—	—	—
(b) i gcás duine lena mbaineann alt 142(1)(b)	196.00	130.10	29.80	—	—	—	—
(c) i gcás duine lena mbaineann alt 142A	100.00	100.00	—	—	—	—	—
(d) i gcás duine lena mbaineann alt 142B	150.00	130.10	—	—	—	—	—
2. Liúntas Réamhscoir	196.00	130.10	29.80	—	—	—	—
3. Liúntas Míchumais	196.00	130.10	29.80	—	—	—	—
4. Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)	219.00	144.70	29.80	143.00	7.70	10.00	12.70
5. Pinsean Dall	196.00	130.10	29.80	143.00	7.70	10.00	12.70
6. Pinsean Baintrí (Neamh-Ranníocach), Pinsean Baintrí Fir (Neamh-Ranníocach) agus íocaíocht dá dtagraítear i mír (b) nó (c) den mhíniú ar ‘íocaíocht iomchuí’ in alt 178	196.00	—	29.80	143.00	7.70	10.00	12.70
7. Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	196.00	—	29.80	—	—	—	—

An cineál cúnaimh	An ráta seachtainiúil	An méadú i leith aosaigh cháilithe (más iníoctha)	An méadú i leith gach linbh cháilithe (más iníoctha)	An méadú i leith gaoil fhorordaithe faoi alt 183 (más iníoctha)	An méadú i gcás go bhfuil an duine ina chónaí nó ina aonar nó ina haonar (más iníoctha)	An méadú i gcás 80 bliain d'aois a bheith slánaithe ag an duine (más iníoctha)	An méadú i gcás gnáthchónaí a bheith ar an duine ar oileán amach ó chósta na hÉireann (más iníoctha)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)	(8)
	€	€	€	€	€	€	€
8. Liúntas Cúramóra:							
(a) i gcás duine lena mbaineann alt 181(1)(a)	318.00	—	29.80	—	—	10.00	12.70
méadú breise i leith tairbhí a bhfuil aois inphinsin slánaithe aige nó aici	40.50	—	—	—	—	—	—
(b) i gcás duine lena mbaineann alt 181(1)(b)	212.00	—	29.80	—	—	10.00	12.70
méadú breise i leith tairbhí a bhfuil aois inphinsin slánaithe aige nó aici	27.00	—	—	—	—	—	—
9. Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	169.00	—	—	—	—	—	—
10. Liúntas Leasa Forlfontach:							
(a) i gcás duine lena mbaineann alt 197(1)	196.00	130.10	29.80	—	—	—	—
(b) i gcás duine lena mbaineann alt 197(2)	100.00	100.00	—	—	—	—	—
(c) i gcás duine lena mbaineann alt 197(4)	150.00	130.10	—	—	—	—	—
11. Cúnamh Feirme	196.00	130.10	29.80	—	—	—	—

CUID 3

AN MÉADÚ AR PHINSEAN DALL I LEITH DUINE AMHÁIN DE LÁNÚIN I GCÁS
NACH BHFUIL AOIS INPHINSIN SLÁNAITHE AG AN GCÉILE

Acmhainn an éiliteora nó an phinsinéara	Ráta seachtainiúil an mhéadaithe
	€
Má tá acmhainn sheachtainiúil an éiliteora nó an phinsinéara gan a bheith níos mó ná €7.60	130.10
níos mó ná €7.60 gan a bheith níos mó ná €10.10	128.40
níos mó ná €10.10 gan a bheith níos mó ná €12.60	126.80
níos mó ná €12.60 gan a bheith níos mó ná €15.10	125.10
níos mó ná €15.10 gan a bheith níos mó ná €17.60	123.50
níos mó ná €17.60 gan a bheith níos mó ná €20.10	121.80
níos mó ná €20.10 gan a bheith níos mó ná €22.60	120.10
níos mó ná €22.60 gan a bheith níos mó ná €25.10	118.50
níos mó ná €25.10 gan a bheith níos mó ná €27.60	116.80
níos mó ná €27.60 gan a bheith níos mó ná €30.10	115.20
níos mó ná €30.10 gan a bheith níos mó ná €32.60	113.50
níos mó ná €32.60 gan a bheith níos mó ná €35.10	111.80
níos mó ná €35.10 gan a bheith níos mó ná €37.60	110.20
níos mó ná €37.60 gan a bheith níos mó ná €40.10	108.50
níos mó ná €40.10 gan a bheith níos mó ná €42.60	106.90
níos mó ná €42.60 gan a bheith níos mó ná €45.10	105.20
níos mó ná €45.10 gan a bheith níos mó ná €47.60	103.50
níos mó ná €47.60 gan a bheith níos mó ná €50.10	101.90
níos mó ná €50.10 gan a bheith níos mó ná €52.60	100.20
níos mó ná €52.60 gan a bheith níos mó ná €55.10	98.60
níos mó ná €55.10 gan a bheith níos mó ná €57.60	96.90
níos mó ná €57.60 gan a bheith níos mó ná €60.10	95.30
níos mó ná €60.10 gan a bheith níos mó ná €62.60	93.60
níos mó ná €62.60 gan a bheith níos mó ná €65.10	91.90
níos mó ná €65.10 gan a bheith níos mó ná €67.60	90.30
níos mó ná €67.60 gan a bheith níos mó ná €70.10	88.60
níos mó ná €70.10 gan a bheith níos mó ná €72.60	87.00
níos mó ná €72.60 gan a bheith níos mó ná €75.10	85.30
níos mó ná €75.10 gan a bheith níos mó ná €77.60	83.60
níos mó ná €77.60 gan a bheith níos mó ná €80.10	82.00
níos mó ná €80.10 gan a bheith níos mó ná €82.60	80.30
níos mó ná €82.60 gan a bheith níos mó ná €85.10	78.70
níos mó ná €85.10 gan a bheith níos mó ná €87.60	77.00
níos mó ná €87.60 gan a bheith níos mó ná €90.10	75.30
níos mó ná €90.10 gan a bheith níos mó ná €92.60	73.70
níos mó ná €92.60 gan a bheith níos mó ná €95.10	72.00
níos mó ná €95.10 gan a bheith níos mó ná €97.60	70.40
níos mó ná €97.60 gan a bheith níos mó ná €100.10	68.70
níos mó ná €100.10 gan a bheith níos mó ná €102.60	67.00

Acmhainn an éilitheora nó an phinsinéara	Ráta seachtainiúil an mhéadaithe
	€
níos mó ná €102.60 gan a bheith níos mó ná €105.10	65.40
níos mó ná €105.10 gan a bheith níos mó ná €107.60	63.70
níos mó ná €107.60 gan a bheith níos mó ná €110.10	62.10
níos mó ná €110.10 gan a bheith níos mó ná €112.60	60.40
níos mó ná €112.60 gan a bheith níos mó ná €115.10	58.70
níos mó ná €115.10 gan a bheith níos mó ná €117.60	57.10
níos mó ná €117.60 gan a bheith níos mó ná €120.10	55.40
níos mó ná €120.10 gan a bheith níos mó ná €122.60	53.80
níos mó ná €122.60 gan a bheith níos mó ná €125.10	52.10
níos mó ná €125.10 gan a bheith níos mó ná €127.60	50.40
níos mó ná €127.60 gan a bheith níos mó ná €130.10	48.80
níos mó ná €130.10 gan a bheith níos mó ná €132.60	47.10
níos mó ná €132.60 gan a bheith níos mó ná €135.10	45.50
níos mó ná €135.10 gan a bheith níos mó ná €137.60	43.80
níos mó ná €137.60 gan a bheith níos mó ná €140.10	42.10
níos mó ná €140.10 gan a bheith níos mó ná €142.60	40.50
níos mó ná €142.60 gan a bheith níos mó ná €145.10	38.80
níos mó ná €145.10 gan a bheith níos mó ná €147.60	37.20
níos mó ná €147.60 gan a bheith níos mó ná €150.10	35.50
níos mó ná €150.10 gan a bheith níos mó ná €152.60	33.90
níos mó ná €152.60 gan a bheith níos mó ná €155.10	32.20
níos mó ná €155.10 gan a bheith níos mó ná €157.60	30.50
níos mó ná €157.60 gan a bheith níos mó ná €160.10	28.90
níos mó ná €160.10 gan a bheith níos mó ná €162.60	27.20
níos mó ná €162.60 gan a bheith níos mó ná €165.10	25.60
níos mó ná €165.10 gan a bheith níos mó ná €167.60	23.90
níos mó ná €167.70 gan a bheith níos mó ná €170.10	22.20
níos mó ná €170.10 gan a bheith níos mó ná €172.60	20.60
níos mó ná €172.60 gan a bheith níos mó ná €175.10	18.90
níos mó ná €175.10 gan a bheith níos mó ná €177.60	17.30
níos mó ná €177.60 gan a bheith níos mó ná €180.10	15.60
níos mó ná €180.10 gan a bheith níos mó ná €182.60	13.90
níos mó ná €182.60 gan a bheith níos mó ná €185.10	12.30
níos mó ná €185.10 gan a bheith níos mó ná €187.60	10.60
níos mó ná €187.60 gan a bheith níos mó ná €190.10	9.00
níos mó ná €190.10 gan a bheith níos mó ná €192.60	7.30
níos mó ná €192.60 gan a bheith níos mó ná €195.10	5.60
níos mó ná €195.10 gan a bheith níos mó ná €197.60	4.00
níos mó ná €197.60 gan a bheith níos mó ná €200.10	2.30

”.